C/2024/6880

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Straitéis chuimsitheach don bhithéagsúlacht ag COP16: na hearnálacha uile a thabhairt le chéile chun sprioc chomhchoiteann a bhaint amach

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6880)

Rapóirtéir: **Arnaud SCHWARTZ**

Comhairleoir	Alexandros KASSAPIS (thar ceann an Rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	3.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	19.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	158/2/7

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. In oirchill COP16 Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht, is mian le CESE na pointí seo a leanas a chur in iúl:

1.2. Is ionann an bhithéagsúlacht agus an éagsúlacht plandaí agus ainmhithe agus is í an chuid is tábhachtaí de na hacmhainní nádúrtha a sholáthraíonn an dúlra. Is réamhchoinníoll í do shlándáil fhadtéarmach an tsoláthair bia agus don rathúnas eacnamaíoch inbhuanaithe. Beidh marthanas agus rathúnas an chine dhaonna ag brath ar ár gcumas oibriú i bpáirt le chéile agus teorainneacha an phláinéid a urramú. Tá ról lárnach ag an Aontas laistigh de theorainneacha an Aontais agus lasmuigh díobh, go háirithe trí bhíthin reachtaíochta agus comhaontuithe trádála, maidir le hallmhairiú nó onnmhairiú bia, táirgí agus teicneolaíochtaí atá neamh-inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de a sheachaint.

1.3. Chun go mbeidh siad níos éifeachtaí, ní mór beartais atá dírithe ar an mbithéagsúlacht a chothú a bheidh níos comhleanúnaí agus níos cuimsithí ar fud na n-earnálacha, ní mór iad a bheith comhtháite ar bhealach níos fearr leis na cláir oibre maidir leis an aeráid, leis an gcomhshaol agus le slándáil an tsoláthair bia san Aontas agus ar fud an domhain, caithfidh siad ní hamháin na gnéithe comhshaoil a chuimsiú ach na gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha ina theannta sin, agus ní mór an tacaíocht riachtanach airgeadais a thabhairt dóibh.

1.4. Tá gá anois murab ionann is riamh le tacaíocht airgeadais phoiblí, phríobháideach agus chumaiscthe atá nuálach agus éifeachtach do na geallsealbhóirí is riachtanaí agus a bhíonn leochaileach uaireanta (lena n-áirítear feirmeoirí agus iascairí ar mhionscála, daoine dúchasacha, etc.). Tá gá freisin le hollstruchtúr airgeadais domhanda a bhfuil sásra tuairiscithe caighdeánaithe agus slat tomhais nua aige a urramaíonn teorainneacha an phláinéid ina lár istigh, le hathailíniú infheistíochtaí i dtreo geilleagair ísealcharbóin, athléimneacha agus éiceachórais rathúla, sin agus le tacaíocht ón Aontas do thíortha sa Domhan Theas chun an bhithéagsúlacht a chosaint.

1.5. Cistí tiomnaithe, údarás domhanda a shocraíonn caighdeáin agus a áirithíonn sláine agus trédhearcacht ionstraimí airgeadais don bhithéagsúlacht agus dífheistiú maoinithe ó 'fhóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol', is fíor-riachtanach an méid sin chun seirbhísí bithéagsúlachta a chúiteamh agus chun na caillteanais airgeadais a d'fhéadfadh úsáideoirí talún a thabhú a fhritháireamh go cothrom chun níos mó bithéagsúlachta a áirithiú, rud a mbeidh táirgeadh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos sláintiúla mar thoradh air san fhadtéarma.

1.6. Tá sláinte na n-éiceachóras, na n-ainmhithe agus na ndaoine idirspleách ar a chéile, toisc gur cuid den éiceachóras nádúrtha céanna iad. Dá bhrí sin, ní mór cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a fhorbairt san Eoraip.

1.7. Níor cheart breathnú ar bheartais chomhshaoil agus aeráide mar bhac sa tslí ar an téarnamh ón ngéarchéim atá ann faoi láthair, ach mar chuid de réitigh fhadtéarmacha riachtanacha amach anseo. Tá taidhleoireacht aeráide agus bithéagsúlachta níos láidre ríthábhachtach freisin chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta agus ionas go n-éireoidh linn, agus sinn ag obair le chéile, chun ár n-éiceachórais, ár ngeilleagair agus ár sochaithe a chothú.

1.8. Chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú agus chun gníomhaíochtaí aeráide atá dearfach ó thaobh an dúlra de a shainaithint, ba cheart don Aontas cur chuige comhtháite il-leibhéil agus il-gheallsealbhóra a shaothrú ina mbeidh taighde eolaíoch, forbairt beartais, rannpháirtíocht geallsealbhóirí, agus feachtais feasachta poiblí.

1.9. Chun comhaontuithe idirnáisiúnta a chur chun feidhme, cuir i gcás na comhaontuithe maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht, beidh gá, ar gach leibhéal, le samhail rialachais il-gheallsealbhóra níos cuimsithí, samhail a chuimseoidh rannpháirtíocht chórasach, dhioscúrsach ([1]), luath agus chomhsheasmhach na saoránach agus na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta, an phobail (ar a n-áirítear daoine óga), na hearnála príobháidí, agus an lucht acadúil, sin agus na sásraí cuntasachta is éifeachtaí maille le rochtain chothrom ar cheartas agus ar shonraí a áirithiú san am céanna. Nithe eile a bheidh ag teastáil ná comhdhlúthú an idirphlé shóisialta agus na cómhargála i gcosaint na bithéagsúlachta agus rannpháirtíocht shoiléir na gcomhpháirtithe sóisialta.

1.10. Agus ar deireadh, is ábhar imní do CESE nach luaitear na SDGanna i dtreoirlínte polaitiúla nua an Choimisiúin. Iarrann CESE an athuair go mbeadh straitéis chomhtháite iomlánaíoch ann ina mbeidh spriocanna agus pleananna uaillmhianacha fadtéarmacha – Clár Oibre AE 2050 don Fhorbairt Inbhuanaithe – chun geilleagar na dea-bhaile a fheidhmíonn laistigh de theorainneacha an phláinéid a áirithiú. In ionad aghaidh a thabhairt ar na spriocanna agus na cuspóirí ceann ar cheann, ní mór don Aontas cur chuige sistéamach, trasearnála agus fadbhreathnaitheach a shaothrú chun castacht a chuid beartas a laghdú agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla ([2]).

1.11. D'fhéadfadh Coimisinéir do na glúnta atá le teacht, duine a bheadh freagrach as smaointeoireacht fhadtéarmach, iomlánaíoch agus shistéamach a chur chun cinn agus duine a dhíreoidh ar tháscairí dea-bhaile agus bithéagsúlachta a bhfuil níos mó i gceist leo ná sonraí OTI agus a dhéanfaidh na táscairí sin a phríomhshruthú, cabhrú i ndáil leis sin. Sin an fáth a bhfuil CESE ag iarraidh go mbeadh dearbhú idirinstitiúideach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach chun creat stóinsithe a chur ar fáil lena ráthófar cosaint agus cur chun cinn chearta na nglúnta atá le teacht. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún oifig a bhunú le haghaidh Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin do na glúnta atá le teacht.

2. **Comhthéacs**

2.1. I gcomhthéacs na géarchéime pláinéadaí triaraí atá ann faoi láthair (an t-athrú aeráide, an truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta), tá sé ag éirí níos práinní athmhachnamh a dhéanamh ar ár gcaidreamh leis an dúlra agus na héiceachórais nádúrtha ar a bhfuil na daoine agus formhór a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ag brath, lena n-áirítear talmhaíocht, foraoiseacht agus iascach, a chosaint agus a athbhunú i gcás inar gá. Meastar go bhfuil níos mó ná 50 % de OTI an domhain ag brath ar an dúlra ([3]) agus go bhfuil thart ar 40 % de na poist ar fud an domhain ag brath go díreach ar éiceachórais shláintiúla ([4]).

([1]) Is éard is bunús leis an rannpháirtíocht dhioscúrsach teoiricí an daonlathais dhioscúrsaigh agus an creideamh gur cheart cinntí polaitiúla a dhéanamh bunaithe ar phlé agus díospóireacht oscailte leis na saoránaigh. Samplaí de rannpháirtíocht dhioscúrsach, SALTO.

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — 'AE agus Clár Oibre 2030: cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe a neartú' (IO C, C/2024/876, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/876/oj).

([3]) Staidéar le haghaidh creat modheolaíochta agus measúnú ar rioscaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith bainteach le cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras, An Coimisiún Eorpach.

([4]) World Employment and Social Outlook 2018, EIS.

2.2. Agus béim á leagan ag CESE ar a thábhachtaí atá foraoisí trópaiceacha don bhithéagsúlacht dhomhanda, cuireann sé chun suntais freisin an tábhacht chéanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht i gcórais uisceacha agus in ithreacha. Ina theannta sin, leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá an agrai-bhithéagsúlacht laistigh d'earnáil na talmhaíochta, e.g. éagsúlacht na mbarr saothraithe, chun bia athléimneach a tháirgeadh.

2.3. Measann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gur riosca mór do shláinte an duine iad an truailliú agus díghrádú an chomhshaoil ([5]). Is ceart bunúsach de chuid an duine é comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a bheith aige ([6]). Dá ndéanfaí an ceart ar chomhshaol folláin a dhaingniú i reachtaíocht an Aontais agus cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' a fhorbairt, chuideodh sin le todhchaí inbhuanaithe a chosaint don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht ([7]).

2.4. Is léir freisin go bhfuil baol díréireach ann go gcaillfear an bhithéagsúlacht agus go dtiocfaidh meath ar an gcomhshaol i gcás pobail áirithe agus grúpaí áirithe daoine laistigh i dtíortha áirithe agus ó thír go chéile, rud a léiríonn an gá atá le haistriú cóir ([8]).

2.5. I dtaca leis an gcomhrac i gcoinne mheath na bithéagsúlachta, ba éacht stairiúil é Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal 2022 a bhaint amach, creat ar a dtugtar an Plean Bithéagsúlachta don Bheatha ar Domhan freisin (Plean Bithéagsúlachta) ([9]), a glacadh ag COP15 a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD). Bunaithe ar chur chun feidhme na SDGanna, leagtar amach ann bealach chun an fhís dhomhanda a bhaint amach faoi 2050 maidir le domhan a bheidh i dtiúin leis an dúlra. I measc phríomhghnéithe an Phlean Bithéagsúlachta tá ceithre sprioc le haghaidh 2050 agus 23 sprioc le haghaidh 2030.

2.6. Mar sin féin, léirítear le measúnuithe ar fhorbairtí nach bhfuil na gealltanais a tugadh á gcomhlíonadh ([10]). Ina theannta sin, tá dul chun cinn san Aontas ag titim chun deiridh ó thaobh spriocanna de (e.g. iad siúd a leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh do 2030 ([11])). Is iad na príomhchúiseanna atá le cailliúint leanúnach na bithéagsúlachta an t-athrú aeráide, caillteanas gnáthóg (mar gheall ar úsáid talún don talmhaíocht agus don uirbiú), truailliú agus róshaothrú acmhainní nádúrtha.

2.7. Ní éiríonn le sásraí margaidh earraí poiblí ná córas eacnamaíoch domhanda inbhuanaithe a chur ar fáil astu féin. Teastaíonn rialachas poiblí agus airgead i gcomhair earraí poiblí, agus teastaíonn ceartúcháin agus treoir ó údaráis phoiblí le haghaidh sásraí margaidh chun a áirithiú go mbeidh an fholláine shóisialta mar thoradh orthu.

2.8. Tá dlúthpháirtíocht agus comhar idirnáisiúnta láidir de dhíth ar an mbeartas comhshaoil (reachtaíocht, bearta, cistiú). In ainneoin dhul chun cinn agus rath choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ó thaobh spriocanna a leagan síos, níor leor an cur chun feidhme go dtí seo mar gheall ar easpa comhthoil pholaitiúil ar gach leibhéal institiúideach maidir le bearta agus comhroinnt ualaigh ar gach leibhéal institiúideach ([12]). Chuir sé sin athléimneacht éiceolaíoch an phláinéid i mbaol, rud a chruthóidh, mura n-aisiompófaí é, dúshláin ollmhóra shocheacnamaíocha agus a chuirfidh ualach díréireach ar dhaoine óga agus ar na glúnta atá le teacht, go háirithe sa Domhan Theas.

([5]) *Estimating environmental health impacts*, EDS.

([6]) Rún *The human right to a clean, healthy and sustainable environment*, Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An ceart chun comhshaoil fholláin san Aontas Eorpach, go háirithe i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin (IO C 228, 29.6.2023, lch. 10), tuarascáil faisnéise EESC maidir le *Cosaint an chomhshaoil mar réamhriachtanas chun na cearta bunúsacha a urramú*.

([8]) NAT/933 *I dtreo togra reachtach maidir le haistriú cóir agus uirlisí beartais de chuid an Aontais lena gcumasaítear Comhaontú Glas don Eoraip atá níos sóisialta* (á réiteach faoi láthair), Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn: cad iad na bearta atá riachtanach? (IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj).

([9]) An Plean Bithéagsúlachta don Bheatha ar Domhan.

([10]) Uirlis Tuairiscithe Ar Líne CBD.

([11]) Deais Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh.

([12]) IO C 123, 9.4.2021, lch. 76, IO C 429, 11.12.2020, lch. 259, IO C 47, 11.2.2020, lch. 50, IO C 110, 22.3.2019, lch. 33, IO C 283, 10.8.2018, lch. 83.

2.9. Tá cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Phlean Bithéagsúlachta, Chomhaontú Pháras agus Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe á gcur i mbaol mar gheall ar an teannas polaitiúil agus an bhréagaisnéis ([13]) maidir leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht, coinbhleachtaí a bheith ag dul in olcas, sin agus rátaí imirce agus costas maireachtála a bheith ag dul i méid. Cé gur tugadh chun solais leochaileacht ár gcórais eacnamaíoch de thoradh na bhfadhbanna ilghnéitheacha sin, is deis iad freisin chun athrú claochlaitheach a dhéanamh i dtreo gheilleagar na dea-bhaile agus insint nua a chur ar fáil do dhaoine agus don phláinéad ([14]).

2.10. Agus na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus téarma oifige nua an Choimisiúin ag teannadh linn, is mithid tosaíocht a thabhairt don bhithéagsúlacht agus do chur chun feidhme an *acquis* comhshaoil trí bheartais uile an Aontais. Tá cúis mhaith ag an Aontas freisin go nglacfadh sé freagracht as an mbithéagsúlacht dhomhanda agus go gcuirfeadh sé deireadh de réir a chéile le gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar diúltach acu ar éiceachórais agus ar phobail i dtríú tíortha, go háirithe sa Domhan Theas.

2.11. Is éard is cuspóir don tuairim féintionscnaimh seo:

— insint nua a fhorbairt do dhaoine agus don phláinéad, agus béim á leagan ar an idirnasc idir éiceachórais athléimneacha agus rathúnas;

— straitéis chuimsitheach a fhorbairt maidir leis an mbithéagsúlacht lena n-áirítear na gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta, agus naisc leis na cláir oibre aeráide, comhshaoil agus 'Aon Sláinte Amháin', chomh maith leis na hearnálacha is mó a bhraitheann ar an mbithéagsúlacht agus a mbíonn tionchar acu uirthi;

— riachtanais agus ábhair imní na n-earnálacha sin a shainaithint (ar a n-áirítear an talmhaíocht, an fhoraoiseacht, an t-iascach agus an bithgheilleagar) agus réitigh a mholadh chun iad a chuidiú le spriocanna bithéagsúlachta an Aontais agus spriocanna bithéagsúlachta domhanda a bhaint amach;

— moltaí nithiúla a mholadh maidir le clár oibre nua an Choimisiúin agus CBD COP16 na Náisiún Aontaithe;

— sineirgí a mhéadú idir coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an mbithéagsúlacht, an aeráid agus gaineamhlú (CBD na Náisiún Aontaithe, UNFCCC agus UNCDD).

3. **Maoiniú na bithéagsúlachta**

3.1. Leagtar béim sna measúnuithe domhanda ar an ngá atá le hacmhainní suntasacha airgeadais a shlógadh don oiriúnú don athrú aeráide agus don mhaolú ar an athrú aeráide, sin agus do chaomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta, go háirithe i gcomhthéacs UNFCCC agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht ([15]). Ag aithint dó nach leor an t-airgeadas poiblí chun an méid sin a dhéanamh, cuireann CESE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a shlógadh, lena n-áirítear, b'fhéidir, trí ionstraimí airgeadais, amhail creidmheasanna carbóin, babhtálacha fiachais don bhithéagsúlacht agus bannaí atá nasctha le SDGanna. Mar sin féin, tá rabhadh á thabhairt ag CESE nach mór sláine na n-ionstraimí sin a áirithiú go docht agus, go háirithe, nach mór an breithniú ar thograí le haghaidh 'margaí na bithéagsúlachta' a dhéanamh go cúramach. Ba cheart don Aontas cruthú coimisiúin dhomhanda a chur chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta, amhail an Chomhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta d'fhonn trédhearcacht agus sláine a áirithiú i ndáil le hionstraimí airgeadais le haghaidh chaomhnú na bithéagsúlachta.

3.2. I bhfianaise chailliúint fhollasach na bithéagsúlachta i ngeall ar an athrú aeráide, agus é ag iarraidh san am céanna go gcuirfí deireadh de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, is díol sásaimh do CESE freisin gur sainaithníodh 'fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol' agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí iad a shainaithint a thuilleadh agus go gcuirfí deireadh leo ar bhealach pleanáilte, lena n-áiritheofar go leanfaidh glanghnóthachan don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol na hinfheistíochtaí a dhéanfar faoi chuimsiú an aistrithe ghlais agus an aistrithe chóir.

3.3. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh tuilleadh a dhéanamh chun córais chánach chomhchuibhithe ghlasa inbhuanaithe a fhorbairt, a thabhairt isteach agus a oibriú bunaithe ar an bprionsabal gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as' agus an méid sin a dhéanamh ar dhóigh chóir fhorásach ([16]). Ba cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal sin freisin maidir le bardais agus údaráis áitiúla nó réigiúnacha eile agus is féidir na cistí a thiocfaidh as sin a chur i leataobh chun truailliú a chosc.

([13]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An daonlathas a chosaint ar an mbréagaisnéis (*IO C, C/2024/4052, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4052/oj*).

([14]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *Treoirphlean le haghaidh Comhaontú Glas agus Sóisialta don Eoraip, bunaithe ar gheilleagar na dea-bhaile* (IO C, C/2024/6879, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6879/oj), IO C 106, 31.3.2020, lch. 1.

([15]) Tuairim ó CESE *Maoiniú don aeráid: treochlár nua chun torthaí a sheachadadh maidir le huaillmhianta arda i leith na haeráide agus na SDGanna* (IO C, C/2024/6881, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/C/2024/6881/oj).

([16]) IO C 47, 11.2.2020, lch. 50.

3.4. Tá sé curtha in iúl ag CESE i roinnt tuairimí dá chuid ([17]) nach féidir a bheith ag súil leis go n-íocfaidh feirmeoirí, iascairí ná úinéirí foraoisí an costas a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chosaint. Ina ionad sin, ba cheart soláthar earraí poiblí agus soláthar an luacha phoiblí a bheith ina bhfoinse úsáideach ioncaim dóibh, e.g. trí éiceadhreasachtaí a fhorbairt. Cháin CESE freisin an tearcmhaoiniú a rinneadh ar bhearta Natura 2000 agus d'iarr sé go gcruthófaí ciste Eorpach a bheadh tiomnaithe don bhithéagsúlacht. Ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit na moltaí sin a leanúint anois.

3.5. Cuireann CESE in iúl gur cheart tosaíocht a thabhairt d'airgead poiblí, lena n-áirítear an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), ar mhaithe le leas an phobail, agus tá sé ag iarraidh go n-áiritheofaí comhleanúnachas idir na réimsí beartais uile (CBT, CBI, fuinneamh, iompar, beartais shóisialta, etc.), sin agus an cistiú agus na fóirdheontais a bhfuil impleachtaí acu do chosaint agus d'athbhunú na bithéagsúlachta. I ndáil leis sin, measann CESE nach mór do CBT tar éis 2027 creat beartais fadtéarmach cobhsaí a chur ar fáil a bheidh dírithe ar tháirgeadh inbhuanaithe bia agus ar uathriail straitéiseach oscailte don Aontas, agus éagsúlacht na mbarr agus na gcineálacha feirmeoireachta san Aontas agus a chuid éiceachóras á gcosaint san am céanna ([18]).

4. An bhithéagsúlacht agus gníomhaíochtaí aeráide atá dearfach ó thaobh an dúlra de a fheabhsú: dea-chleachtais agus droch-chleachtais

4.1. Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na príomhchúiseanna le cailliúint na bithéagsúlachta. Dá bhrí sin, formhór na mbeartas chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, tá siad tairbheach don bhithéagsúlacht freisin. Mar sin féin, d'fhéadfadh cuid de na réitigh theicneolaíocha agus dhigiteacha a úsáidtear sa ghníomhú ar son na haeráide dochar a dhéanamh don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol (e.g. an intleacht shaorga, fuinneamh núicléach, gabháil agus ceapadh carbóin, etc.). Ba cheart don Aontas cloí le prionsabal an réamhchúraim.

4.2. D'fhonn cur leis an mbithéagsúlacht agus le gníomhaíochtaí ar son na haeráide atá dearfach ó thaobh an dúlra de, molann CESE na céimeanna seo a leanas:

4.2.1. **Comhar** a áirithiú idir eolaithe i réimsí éagsúla (an bhithéagsúlacht agus an aeráid den chuid is mó), sin agus idir lucht ceaptha beartas agus páirtithe leasmhara freisin, chun réitigh iomlánaíocha a fhorbairt. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh ceardlanna nua ann arna gcomhurrú ag an Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) agus ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) chun treoir a chur ar fáil don chomhphobal idirnáisiúnta maidir leis an gcomhar riachtanach sin a chothú ([19]). Iarrann sé freisin go dtabharfaí isteach réitigh bhithéagsúlachta il-gheallsealbhóra mar chuid de na Misin Aeráide Eorpacha (e.g. Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Cathracha Aeráidneodracha).

4.2.2. **Comhtháthú** na bithéagsúlachta i ngníomhaíochtaí ar son na haeráide agus *vice versa*. Iarrann CESE ar an gCoimisiún beartais chomhtháite a cheapadh don aeráid agus don bhithéagsúlacht ar leibhéal an Aontais agus go hidirnáisiúnta araon. **Measúnuithe tionchair** a dhéanamh ar réitigh aeráide agus ar bhearta bithéagsúlachta.

4.2.3. **Faireachán** a dhéanamh ar chur chun feidhme na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, an Dlí um Athbhunú Dúlra agus ar an obair leantach ar na gealltanais a bhaineann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht.

4.2.4. **Réitigh dhúlrabhunaithe agus éiceachórasbhunaithe** a thabhairt isteach, lena dtugtar aghaidh san am céanna ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta ([20]), amhail cosaint gnáthóg nádúrtha, athchóiriú éiceachóras, foraoisí agus bogaigh, bainistiú inbhuanaithe talún agus cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe, agus lena soláthraítear seirbhísí éiceachórais agus, ag an am céanna, lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa agus urramaítear cearta agus cultúr na ndaoine lena mbaineann, amhail pobail áitiúla agus pobail dhúchasacha.

4.2.5. An **geilleagar ciorclach** a leabú, ar geilleagar é sin lena gcuirfear creat ar fáil le haghaidh athrú claochlaitheach i dtreo úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus geilleagar na dea-bhaile a fheidhmíonn laistigh de theorainneacha an phláinéid. D'fhéadfadh na tairbhí comhshaoil agus socheacnamaíocha a bhaineann le cuir chuige chiorclacha a bheith mar thosca ratha maidir le beartais bhithéagsúlachta agus aeráide a chur chun feidhme.

([17]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — 'Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an nádúir' (IO C 140, 21.4.2023, lch. 46), agus IO C 429, 11.12.2020, lch. 259.

([18]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Táirgeadh uathrialach agus inbhuanaithe bia a chur chun cinn: straitéisí don Chomhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027 (IO C, C/2024/2099, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2099/oj).

([19]) Tuarascáil ón gceardlann maidir leis an mBithéagsúlacht agus an Athrú Aeráide, IPBES & IPCC.

([20]) *IUCN Global Standard for Nature-based Solutions: first edition*, IUCN.

4.2.6. **Feasacht phoiblí agus oideachas** maidir le hidirnascthacht na bithéagsúlachta, an athraithe aeráide, chobhsaíocht na n-éiceachóras agus fholláine an duine a áirithiú do chách, go háirithe i measc lucht ceaptha beartas, daoine óga agus gnólachtaí.

4.2.7. Ba cheart a áireamh sna **sásraí dreasachta** atá dírithe ar chleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn agus ar ghníomhaíochtaí a dhéanann dochar don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol a dhíspreagadh scéimeanna íocaíochta le haghaidh seirbhísí éiceachórais (e.g. d'fheirmeoirí, d'fhoraoiseoirí agus d'iascairí), rannchuidiú an dúlra le daoine ([21]) agus cláir éiceadheimhniúcháin a áireamh. Ina theannta sin, ba cheart tabhairt isteach córais cúitimh éiceolaíoch atá bunaithe ar chritéir shoiléire a mheas mar rogha dheiridh. Mar shampla, d'fhéadfaí tionscadail tógála atá díobhálach don dúlra a chúiteamh i réimsí eile. Is fiú freisin machnamh a dhéanamh ar mhargadh coiteann a chruthú le haghaidh cúiteamh éiceolaíoch.

4.2.8. Ba cheart don **taidhleoireacht idirnáisiúnta shóisialta agus ghlas** le haghaidh tionscnaimh mhaoiniúcháin agus comhroinnte eolais atá dírithe ar an Domhan Theas agus ar phobail dhúchasacha, a bheith mar chomhlánú ar iarrachtaí inmheánacha an Aontais agus le sineirgí a mhéadú idir COPanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD), UNFCCC agus UNCDD.

4.3. Molann CESE freisin Coimisinéir do na glúnta atá le teacht a ainmniú, duine a bheidh freagrach as smaointeoireacht fhadtéarmach, iomlánaíoch agus shistéamach a chur chun cinn agus duine a dhíreoidh ar tháscairí dea-bhaile agus bithéagsúlachta a bhfuil níos mó i gceist leo ná sonraí OTI agus a dhéanfaidh na táscairí sin a phríomhshruthú.

5. Insint dhearfach a fhorbairt don bhithéagsúlacht le rannpháirtíocht láidir na sochaí sibhialta

5.1. Ní mór an ghné idirghlúine de na beartais bhithéagsúlachta agus chomhshaoil a léiriú i rannpháirtíocht láidir fhóinteach na hóige ag gach céim de na próisis chinnteoireachta, ón gclár oibre a leagan síos agus tograí reachtacha a dhréachtú, go dtí an cur chun feidhme, an faireachán agus an obair leantach ([22]) d'fhonn a áirithiú go ndéanfar tionchar na mbeartas ar na glúnta atá le teacht a mheas ([23]).

5.2. Tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i rialachas na bithéagsúlachta ríthábhachtach chun spriocanna bithéagsúlachta a bhaint amach agus chun riachtanais agus ábhair imní na n-earnálacha uile a chur san áireamh, lena n-áirítear an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an t-iascach. Molann CESE go gcuirfí struchtúr ar an rannpháirtíocht sin ar scála áitiúil, Eorpach, idirnáisiúnta agus trasearnála mar seo a leanas:

5.2.1. Ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta

— Tá sé ríthábhachtach an bhithéagsúlacht agus an éiceolaíocht a áireamh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus sna córais oideachais náisiúnta chun dearcadh dearfach a fhorbairt i leith na bithéagsúlachta ([24]). Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar pháirceanna náisiúnta agus ar limistéir nádúrtha, sin agus cláir feasachta ina dtaobh, a áirithiú chun maoirseacht a chothú, agus na tairbhí a bhaineann le daoine a thabhairt i ngaire don dúlra. Ba cheart tacú le cláir oideachais mar na cláir sin a eagraíonn IUCN agus Cónaidhm EUROPARC ([25]).

— Ceardlanna áitiúla bithéagsúlachta a eagrú le hionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, pobail áitiúla, daoine óga, pobail dhúchasacha, an saol acadúil, an earnáil airgeadais agus earnálacha ábhartha eile cuir i gcás an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an t-iascach.

— Próisis chinnteoireachta rannpháirteacha a éascú ina mbeidh páirtithe leasmhara rannpháirteach i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán gníomhaíochtaí áitiúla caomhnaithe bithéagsúlachta.

— Tacú le tionscnaimh phobail agus le tionscadail chaomhnaithe phobalbhunaithe lena dtugtar cumhacht do phobail áitiúla úinéireacht agus maoirseacht a ghlacadh maidir le hiarrachtaí caomhnaithe bithéagsúlachta agus samhlacha nua gnó chun an bhithéagsúlacht a chosaint a reáchtáil ar bhonn píolótach (e.g. éiceathurasóireacht, talmhaíocht orgánach agus athghiniúnach, etc.).

([21]) *Nature's Contributions to People (NCP)*, IPBES.
([22]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 44 (níl leagan Gaeilge ann).
([23]) Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de, Réidh do na glúnta atá le teacht.
([24]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An óige a chumhachtú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach tríd an oideachas (IO C 100, 16.3.2023, lch. 38).
([25]) Cónaidhm EUROPARC.

5.2.2. Ar leibhéal an Aontais

— Ionadaíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na bpobal dúchasach i bpróisis ceaptha beartas bithéagsúlachta an Aontais a neartú trína rannpháirtíocht éifeachtach i sásraí comhairliúcháin, i gcomhlachtaí comhairleacha agus in idirphlé le páirtithe leasmhara.

— Ceardlanna a eagrú, cuir i gcás iad siúd atá luaite i gcaibidil 5 agus comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí a chórasú le haghaidh comhar idir an tsochaí shibhialta, gníomhaireachtaí rialtais, institiúidí taighde agus gnólachtaí chun bearta caomhnaithe bithéagsúlachta a chur chun feidhme go héifeachtach.

5.2.3. Ar an leibhéal idirnáisiúnta

— Cur ar son bhreis láithreachta ionadaithe na sochaí sibhialta i bhfóraim idirnáisiúnta rialachais bithéagsúlachta, mar shampla COPanna CBD agus CMS ([26]) na Náisiún Aontaithe, UNFCCC agus UNCDD, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.

— Ról eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí na hóige agus na bpobal dúchasach agus gníomhaithe eile na sochaí sibhialta a neartú maidir le beartais agus comhaontuithe domhanda bithéagsúlachta a mhúnlú, cuir i gcás an Plean Bithéagsúlachta.

— Malartú eolais agus comhar a éascú i measc eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó thír agus réigiún go chéile chun dea-chleachtais i gcaomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus ceardlanna a ndéantar cur síos orthu i gcaibidil 5 a eagrú a n-áirítear na dea-chleachtais sin iontu.

5.2.4. Ar an leibhéal cothrománach

— Idirphlé agus comhar a chothú idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eolaithe agus earnálacha, mar shampla an talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an t-iascach chun réitigh a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a fhorbairt.

— Tacú le tionscnaimh taighde agus nuálaíochta lena bhfiosraítear cleachtais inbhuanaithe agus réitigh atá dearfach ó thaobh an dúlra de chun tacú le slite beatha a bhfuil ioncaim chothroma acu sna hearnálacha sin, agus tionchair dhearfacha ar an aeráid a mhéadú oiread agus is féidir san am céanna.

— Tacaíocht airgeadais agus forbairt acmhainní a mhéadú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus d'eagraíochtaí don óige atá ag obair ar son na bithéagsúlachta, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt don talmhaíocht, foraoiseacht agus iascach inbhuanaithe agus iad siúd atá ag obair i ndlíthíocht leasa phoiblí, agus béim orthu siúd sa Domhan Theas.

— Idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chomhdhlúthú chun rannpháirtíocht shoiléir na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú.

5.3. Ina theannta sin, tacaíonn CESE le tionól domhanda buan a bhunú do na saoránaigh, mar a mhol Fondúireacht Iswe agus le tacaíocht ó na Náisiúin Aontaithe, agus fógrófar cruthú an tionóil sin ag an gCruinniú Mullaigh don Todhchaí a bheidh ann i mí Mheán Fómhair 2024 ([27]). Creideann CESE freisin gur cheart don tionól sin oibriú ar na saincheisteanna a ardaíodh sa tuairim seo. Mar sin féin, cuireann sé i bhfios go mór nach réiteach leordhóthanach é sin chun ionadaíocht leordhóthanach na bpáirtithe leasmhara sa chinnteoireacht a áirithiú.

5.4. Tacaíonn CESE le forfheidhmiú cuí chearta comhshaoil Choinbhinsiún Aarhus ag Ballstáit an Aontais agus leis an bhfothú acmhainneachta iomchuí i measc na sochaí sibhialta chun a áirithiú go mbeidh a fhios acu conas iad a úsáid ([28]). Tacaíonn sé freisin le cur chun feidhme bealaí dlíthiúla chun an dúlra a dhaingniú, cuir i gcás cearta an dúlra agus an ceart ar chomhshaol folláin, le treoir ón tsochaí shibhialta ([29]).

5.5. Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a neartú, sin é an bealach is fearr chun riachtanais agus ábhair imní na n-earnálacha uile a chur san áireamh d'fhonn insint dhearfach a fhorbairt don bhithéagsúlacht, ár spriocanna a bhaint amach ar gach scála agus d'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaincheist 'an-ghránna'.

([26]) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine.
([27]) *Global and permanent citizens' assembly*, Fondúireacht na Náisiún Aontaithe.
([28]) IO C 123, 09/04/2021, lch. 66.
([29]) Staidéar *I dtreo Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha an Dúlra*, CESE.

5.6. I ndáil leis an méid sin agus i gcomhréir le tuarascáil a d'fhoilsigh Rapóirtéir na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Comhshaoil le déanaí ([30]), aithníonn CESE na rioscaí a bhaineann leo agus iarrann sé ar na Ballstáit a gcearta a urramú, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhthionóil shíochánta agus an tsaoirse comhlachais, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna chailliúint na bithéagsúlachta.

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([30]) *State repression of environmental protest and civil disobedience: a major threat to human rights and democracy*, le Michel Forst, Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí an Chomhshaoil faoi Choinbhinsiún Aarhus.